



10-08-20

Beatha agus sláinte chugaibh. Tá súil agam go bhfuil sibh agus bhur gcuid go maith agus sláintiúil. Is ag an bpointe seo atáimid faoi lán seoil ag ullmhú don scoilbhliain nua agus go leor le déanamh. Seo an chéad blúirín eolais daoibh chun sibh a choimeád ar an eolas. Beidh blúirín gach aon seachtain go dtí go mbeimid oscailte.

Tá treoir áirithe taghta ón Roinn Oideachais | [Leagan Gaeilge](#) | [Leagan Béarla](#) | ach an conclúid is mó ná go bhfuilimid ag déanamh gach iarracht an riosca a ísliú, an scoil a ullmhú, agus plean freagartha cuimsitheach a chur le chéile ionas go mbeidh an scoil oscailte go hiomlán ón gcéad seachtain i mí Meán Fómhair.

Seo atá bainte amach againn go dtí seo:

- Táimid sásta go maith go mbeidh go leor spáis againn san fhoirgneamh do gach éinne ach beidh athrúcháin le cur i bhfeidhm.
 - Beidh ar gach éinne na lámha a ní ar an slí isteach ar scoil, iad a choimeád glan i rith an lae agus arís ag imeacht ón scoil. Beidh tuilleadh doirtil agus dialghalráin curtha ar fáil timpeall na scoile chuige sin.
 - Má oibríonn an tráthclár nua amach sa cheart, beidh “seomra baile” ag gach rang; is é sin go mbeidh na daltaí sa seomra céanna dos na croí-ábhair agus ag bogadh dos na hábhair roghnacha.
 - Beidh cuma difriúil ar an lá scoile (briseadh na maidine agus am lóin céimithe. Beidh an halla tionól mar bhialann mar sin).
 - Moltar nach mbeidh daltaí ag bailiú i ngrúpaí móra ach ag fanacht ina ngrúpaí ranga ag na brisí.
 - Beidh clúdach aghaidh de shaghas éigin á chaitheamh ag amanta áirithe i rith an lae nuair nach mbeidh an 2 mhéadar d’fhadú fisiceach á choimeád. **Beidh sé seo an-soiléir do gach éinne roimh oscailt dúinn.**

Beidh freagracht pearsanta riachtanach agus inglactha chun na céimeanna seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Anois, táimid ag obair ar:


- Tráthchlár oiriúnach, éifeachtach a dhearadh.
- Na seomraí a athchóiriú agus a athstruchtúró chun an scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm.
- Uisce te agus gallúnach a insealbhú sa scoil (agus ar an slí isteach).
- Pleanáil do na brisí (go mbeidh spás ar fáil chun an lón a ithe go sábháilte).
- Go leor trealamh glantóireachta a sholáthar.
- Glantóir breise a eagrú chun an scoil a choimeád glan i rith an lae
- Comharthaí, eolas agus treoirlínte a ullmhú do phobal na scoile.

I ndeireadh na dála, is ag laghdú an riosca a bheimid mar níl aon rud cinnte ag éinne faoi láthair.

Iarraim ort teagmháil linn má tá moladh, buairt nó tuairim le roinnt agat. Níl aon gheallúint go bhfaighfeá freagra láithreach – tógann an obair seo roinnt mhaith ama – ach cuirfidh mé do chuid leis an méid atá bailithe agus bead i dteagmháil leat más gá.

Beadsa i dteagmháil libh arís i gceann seachtaine le níos mó eolais faoin athoscailt. Ar scáth a chéile a mhairimid agus éireoidh linn, táim cinnte de!

Tabhair aire,



Toirdealbhach Ó Lionáird

Príomhoide